Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0218(COD)**

14190/21
ADD 2

CODEC 1513
AGRI 571
AGRIFIN 143
AGRISTR 80
AGRILEG 250
AGRIORG 135
CADREFIN 455

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/an Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ó Phoblacht na Seice le tacaíocht ón mBeilg, ón mBulgáir, ón Eastóin, ó Éirinn, ón bhFionlainn, ón nGréig, ón Ísiltír, ón Laitvia, ó Lucsamburg, ó Phoblacht na Slóvaice, ón Spáinn agus ón Ungáir maidir le comhbheartas talmhaíochta nua an Aontais Eorpaigh a shimpliú**

Cuireann Poblacht na Seice, le tacaíocht ón mBeilg, ón mBulgáir, ón Eastóin, ó Éirinn, ón bhFionlainn, ón nGréig, ón Ísiltír, ón Laitvia, ó Lucsamburg, ó Phoblacht na Slóvaice, ón Spáinn agus ón Ungáir béim ar an tábhacht a bhaineann leis an maorlathas a shimpliú agus a laghdú laistigh den Chomhbheartas Talmhaíochta nua agus lena chur chun feidhme.

Nuair a foilsíodh tograí reachtacha CBT nua, dhearbhaigh an Coimisiún Eorpach go ndéanfaí an beartas nua a shimpliú. Rinneadh a lán iarrachtaí simpliúcháin sa phróiseas reachtach a bhaineann le glacadh na dtrí bhunrialachán CBT ach tá reachtaíocht thánaisteach an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta le cruthú fós.

Sa chomhthéacs sin, mura féidir simpliú suntasach a dhéanamh, tá sé tábhachtach a áirithiú go seachnófar ualach riaracháin nach bhfuil gá leis.

Dá bhrí sin, iarrann Poblacht na Seice, an Bheilg, an Bhulgáir, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Ghréig, an Ísiltír, an Laitvia, Lucsamburg, Poblacht na Slóvaice, an Spáinn agus an Ungáir ar an gCoimisiún Eorpach a áirithiú go bhfuil na ceanglais sa reachtaíocht thánaisteach i gcomhréir leis na bunghníomhartha, agus nach dtéann siad níos faide in aon imthosca ná an comhaontú polaitiúil ná cumhachtú an Choimisiúin. Iarrann na Ballstáit sin ar an gCoimisiún leibhéal mionsonraithe na ngníomhartha cur chun feidhme agus na ngníomhartha tarmligthe a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus sonraí maidir le cur chun feidhme a fhágáil faoi na Ballstáit ionas gur féidir leo CBT a chur in oiriúint dá gcoinníollacha sonracha i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta.

## <u>Ráiteas ón Laitvia faoin bpacáiste um athchóiriú CBT tar éis 2020</u>

Is díol sásaimh don Laitvia, tar éis plé cuimsitheach, go dtiocfaidh an pacáiste um athchóiriú CBT tar éis 2020 i bhfeidhm i mí Eanáir 2022. Forálfar leis go mbeidh na Ballstáit in ann bearta nua CBT a thabhairt isteach agus gur féidir le feirmeoirí ceanglais nua talmhaíochta, aeráide agus chomhshaoil agus ceanglais eile a chur i ngníomh gan a thuilleadh moille.

Meabhraímid, áfach, gur áiríodh eilimintí agus coinníollacha nua sna gníomhartha dlí ag an gcéim dheireanach den chaibidlíocht nó gur athraíodh go mór iad gan a gcur chun feidhme praiticiúil a phlé go mion, eadhon:

- **Caighdeáin maidir le cóir mhaith thalmhaíochta agus chomhshaoil (CMTC):**
  **CMTC 1:** ba cheart an bhearna dhlíthiúil a réiteach agus ba cheart an rogha i dtaca le rialacha idirthréimhseacha maidir le coigeartú na bliana tagartha a bheartú chun nach ngearrfar pionós míchothrom ar fheirmeoirí in 2023 as féarthailte buana a athrú ina thalamh arúil ó 2018 i leith, tráth a measadh nár sáraíodh na rialacha.

**CMTC 7:** beidh éagsúlú barr ina rogha mhalartach ar uainíocht barr ar an leibhéal náisiúnta. Mura ndéantar é sin, cuirfear teorainn dhocht le cuid de na gabháltais táirgthe ina roghanna táirgthe.

- **Leis an gceanglas 10 % d'imchlúdach na n-íocaíochtaí díreacha a atreorú le haghaidh na híocaíochta athdháilte,** laghdaítear go mór an tacaíocht ioncaim is féidir a shannadh d'iomaíochas ár bhfeirmeoirí trí bhíthin íocaíochtaí díreacha. Idir an dá linn, tá ionstraimí eile, go háirithe sa dara colún, dírithe freisin ar thacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí beaga agus meánmhéide.
- Leis an athchóiriú ar Rialachán CBT, trí theorainneacha maoinithe an Aontais a fhorchur, ní mór a aithint **go gcaillfear an deis feirmeoirí beaga a spreagadh le hiad féin a eagrú in eagraíochtaí táirgeoirí** agus níos mó cumhachta margaidh a fháil.

Déanfar iarrachtaí suntasacha agus acmhainní airgeadais CBT (25 % de na híocaíochtaí díreacha agus 35 % den bhuiséad forbartha tuaithe) a dhíriú ar cheanglais aeráide agus chomhshaoil a chomhlíonadh. Creidimid nach bhfuil an t-ualach a fhorchuirtear ar fheirmeoirí agus táirgeoirí bia **i ngeall ar mhéadú ar uaillmhianta CBT le déanaí ag teacht leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil do chur chun feidhme CBT.** Beidh tionchar aige sin go háirithe ar na Ballstáit sin a bhfuil cistiú íseal CBT acu agus leithdháiltí airgeadais laghdaithe (forbairt tuaithe, scéim scoile) agus cuirfidh sé baint amach phríomhchuspóir CBT, mar atá feirmeoireacht agus táirgeadh bia, i mbaol.

Agus ní mór a aithint, ar an drochuair, nach bhfuil cuspóir an athchóirithe ar CBT, eadhon an simpliú, bainte amach agus, leis an tSamhail Nua Seachadta, go bhfuil méadú níos mó fós ar an ualach riaracháin do lucht riaracháin agus go bhfuil an cur chuige nua níos casta.

Mar sin féin, chun dul ar aghaidh leis an athchóiriú ar CBT **de mheon comhréitigh, vótálann an Laitvia I bhFABHAR na dtograí reachtacha maidir leis an athchóiriú ar CBT.**